# Foirm 'Dearbhú Leighis' (Laghdú ar Ioncam)

**Faisnéis Thábhachtach**

Tá Tacaíocht Uilechoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) tiomanta do chearta agus príobháideachas daoine aonair a chosaint de réir na nAchtanna um Chosaint. Foilsíonn SUSI a Ráiteas Príobháideachais agus Cosanta Sonraí ar a shuíomh gréasáin**.**

**An fhaisnéis a sholáthraíonn tú:**

**Próiseáil Sonraí - An úsáid atá á baint as sonraí:**

D'fhéadfadh an t-údarás cáiliúcháin, faoi Airteagal 32 de Scéim Deontais Mic Léinn 2026 nó Airteagal 21 de Scéim Táillí Páirtaimseartha Mac Léinn do Chúrsaí Sonraithe Fochéime 2026, athbhreithniú a dhéanamh ar incháilitheacht chun deontas a bhronnadh, nó leibhéal an deontais bronnta.

Chuir tú in iúl do SUSI, gur laghdaigh d'ioncam rud a leanfaidh ar aghaidh ar feadh tréimhse chúrsa faofa an iarratasóra nó go ceann tamaill. Cuirfidh an fhaisnéis a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm atá i gceangal leis seo ar chumas SUSI cinneadh a dhéanamh faoi Airteagal 32 de Scéim Deontais Mic Léinn 2026 nó Airteagal 21 de Scéim Táillí Páirtaimseartha Mac Léinn do Chúrsaí Sonraithe Fochéime 2026, athbhreithniú a dhéanamh ar incháilitheacht chun deontas a bhronnadh, nó leibhéal an deontais bronnta.

**Coimeád Sonraí - Cén fhad a choimeádaimid an fhaisnéis a chuirtear ar fáil:** Coimeádfar an fhaisnéis a chuirtear ar fáil ar chomhad de réir Bheartas Coimeádta Sonraí SUSI.

**Slándáil Sonraí - Cé ag a bhfuil rochtain ar an bhfaisnéis seo?**
Déanann SUSI bearta slándála cuí i gcoinne rochtain neamhúdaraithe ar, nó athrú, nochtadh nó scriosadh sonraí agus i gcoinne caillteanas nó scriosadh timpisteach. Geallann SUSI a chinntiú nach mbeidh an fhaisnéis a chuirtear ar fáil ach á rochtain ag an íosmhéid pearsanra a theastaíonn chun cinneadh a dhéanamh faoi Airteagal 32 de Scéim Deontais Mic Léinn 2026.

**Toiliú Sainráite**
Ceanglaíonn Reachtaíocht Cosanta Sonraí toiliú sainráite ón Ábhar Sonraí chun sonraí pearsanta íogaire/catagóirí speisialta sonraí a fháil agus a phróiseáil (e.g. sonraí a bhaineann le sláinte). Féach ar an bhfoirm thíos maidir le Próiseáil Sonraí Pearsanta Íogaire/Catagóirí Speisialta Sonraí. Ní mór an fhoirm seo a líonadh freisin.

Más mian leat do thoiliú a aistarraingt seol ríomhphost chuig sar@susi.ie agus cuir faoi bhráid an Oifigigh um Chomhlíonadh agus tagair d'uimhir an iarratais, d'ainm agus sonraigh gur mian leat do thoiliú a aistarraingt.

Tá iarratas deontais á phróiseáil ag Tacaíocht Uilechoiteann do Mhic Léinn in Éirinn thar ceann an iarratasóra liostaithe thíos faoi láthair. Déanfaidh SUSI aon fhaisnéis a chuireann tú ar fáil faoin iarratasóir maidir lena (h)iarratas deontais, a phróiseáil agus a bhainistiú faoi rún. Ceanglaíonn Reachtaíocht Cosanta Sonraí toiliú sainráite ón Ábhar Sonraí (othar) chun catagóirí speisialta sonraí a fháil agus a phróiseáil (e.g. Sonraí a bhaineann le sláinte). Líon an rannóg toilithe thíos chomh maith.

| | |
|---|---|
| **Ainm an Iarratasóra** | |
| **Ainm an Othair** | |
| **Uimhir Iarratais SUSI** | |

| | |
|---|---|
| **Ainm Chúrsa an Iarratasóra** | |
| **Dáta Tosaigh an Chúrsa** | |
| **Dáta Deiridh an Chúrsa** | |
| **Fad Iomlán an Chúrsa (I mBlianta)** | |

**Le líonadh ag do ghairmí leighis ainmnithe**

| | |
|---|---|
| **Ainm an Dochtúra** | |
| **Ainm & Seoladh an Chlinic** | |

| | |
|---|---|
| Deimhnigh an dáta a ndearna an t-othar ainmnithe thuas teagmháil leat ar dtús maidir lena t(h)inneas/s(h)iomptóim? | |
| Bunaithe ar dhátaí thuasluaite chúrsa an iarratasóra, i do thuairim leighis, an féidir leat a dheimhniú gur dócha go mairfidh imthosca leighis reatha an othair ar feadh fhad an chúrsa nó go ceann tamaill? | Is féidir ◯<br>Ní féidir ◯ |

**Ná cuir aon doiciméid leighis leis an bhfoirm seo.**

**Dearbhú: Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis thuas fíor agus cruinn de réir mo eolais is fearr.**

**Síniú an Othair:** ___________________________

**Síniú an Dochtúra:** ___________________________

| |
|---|
| **Stampa an Chlinic(Má tá sear fail)** |

**Deimhniú maidir le Laghdú ar Ioncam**

Tá iarratas deontais á phróiseáil ag Tacaíocht Uilechoiteann do Mhic Léinn in Éirinn thar ceann an iarratasóra liostaithe thíos faoi láthair. Déanfaidh SUSI aon fhaisnéis a chuireann tú ar an fáil faoin iarratasóir maidir lena (h)iarratas deontais, a phróiseáil agus a bhainistiú faoi rún.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm an Iarratasóra** | | **Uimhir W an Iarratasóra** | |
| **Ainm an Fhostaí** | | **Uimhir PSP an Fhostaí** | |

**Le líonadh ag d'fhostóir**

| | |
|---|---|
| **Ainm an Fhostóra** | |
| **Seoladh an Fhostóra** | |

| | |
|---|---|
| Sonraigh olltuillleamh an fhostaí do **2025** | € |
| An féidir leat a dheimhniú gur laghdaigh Ioncam an Fhostaí liostaithe thuas? | Is féidir ◯<br>Ní féidir ◯ |
| Más féidir, an féidir leat an dáta ar tharla an laghdú seo a dheimhniú? | |
| An féidir leat an tuarastal bliantúil **reatha** don fhostaí liostaithe thuas a dheimhniú? | € |

**Dearbhú**

**Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis thuas fíor agus beacht ar feadh m'eolais**

**Síniú an Fhostaí:** ___________________________

**Síniú an Fhostóra:** ____________________________

| |
|---|
| **Stampa na Cuideachta / an Fhostóra** |

## Próiseáil Sonraí Pearsanta Íogaire/Catagóirí Speisialta Sonraí

Tá Tacaíocht Uilechoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) tiomanta do chearta agus príobháideachas daoine aonair a chosaint de réir na reachtaíochta Cosanta Sonraí. Foilsíonn SUSI a Ráiteas Príobháideachais agus Cosanta Sonraí ar a shuíomh gréasáin.

Baineann an fhaisnéis atá á cur ar fáil agat leis an bhfoirm seo le 'sonraí pearsanta íogaire/catagóirí speisialta sonraí mar atá sainmhínithe sa reachtaíocht Cosanta Sonraí, (e.g. Sonraí a bhaineann le sláinte), teastaíonn toiliú sainráite ó SUSI ón ábhar sonraí chun an fhaisnéis seo a fháil agus a phróiseáil.

**Toiliú**

............................ Toilím do SUSI na sonraí pearsanta íogaire/catagóir speisialta a cuireadh ar fail. Leis an bhfoirm seo a phróiseáil chun críche cur ar chumas an Údaráis Cáiliúcháin cinneadh a dhéanamh faoi Airteagal 32 de Scéim Deontais Mic Léinn 2026 nó Airteagal 21 de Scéim Táillí Páirtaimseartha Mac Léinn do Chúrsaí Sonraithe Fochéime 2026. Tuigim gur féidir liom mo thoiliú a aistarraingt am ar bith.

**Sínithe:** ............................................................ **Dáta:** ..................................